# Scoileanna Caitliceacha: Pobail na Seirbhíse

21–27 EANÁIR 2024

## DÉARDAOIN: SEIRBHÍS I MEASC AN PHOBAIL ÁITIÚIL





## Eochairfhocail: Pobal, Paróiste, Seirbhís

### Réamhrá

(Is féidir an réamhrá a léamh mar eolas don oide nó mar mhachnamh. Pléitear na téamaí ar Bhileog Oibre 1 ar bhealach a oireann do na daltaí.)

Baineann stair fhada le prionsabal an pharóiste, agus bhí ról bunúsach aige i gcónaí i saol na gCríostaithe, agus maidir le hobair thréadach na hEaglaise a chur chun cinn. Bunaíodh córas an pharóiste le freastal a dhéanamh ar an ngá a bhí ann an soiscéal a scaipeadh i measc na ndaoine tríd an gcreideamh a chraobhscaoileadh agus na sacraimintí a cheiliúradh.

Maireann pobal beo an chreidimh faoi láthair, i gcomhthéacs ina mbíonn nasc níos lú ag daoine leis an gceantar áitiúil, cé go mbíonn níos mó deiseanna ag daoine teacht le chéile a dhéanamh. Bíonn an baol ann faoi láthair go ndéanfar maolú ar ghaolta idirphearsanta i réaltacht fhíorúil, gan tiomantas ná freagracht i dtreo na comharsan a bheith ann.

Caithfidh an paróiste a bheith aireach agus eolach faoi nósanna an lae inniu, agus athruithe a chur i bhfeidhm le freastal ar an bpobal creidimh agus ar na hathruithe nádúrtha a tharlaíonn de réir a chéile. Tá géarghá le beocht úr a spreagadh a chabhródh le glaonna chun an tsaoil reiligiúnaigh a chothú, agus leis an nglao a chuirtear ar an bpobal baiste a bheith mar dheisceabail Íosa Críost agus mar lucht scaipthe an tsoiscéil, a athaimsiú.

(Ó 'Cuallacht na Cléire', 'The pastoral conversion of the Parish community in the service of the evangelising mission of the Church', 2020, ar fáil ag:https://press.vatican.va/content/salastampa/en/bollettino/pubblico/2020/07/20/200720a.html)

### Ceol

Bheadh cuid den cheol seo oiriúnach mar phaidir dheiridh, le go ndéanfadh an rang éisteacht leis nó é a phlé mar chuid den obair ar Bhileog Oibre 3.

'What a Wonderful World' – Playing for Change (ar PowerPoint): https://www.youtube.com/watch?v=ddLdoQRf7Vg
'The Maker' – Chris August: https://youtu.be/lHo3GMmdMRI nó https://open.spotify.com/track/7LjiqiOFAZPc4SquVHq7mO
'Refugee' – Paddy Casey: https://open.spotify.com/track/3Do6dQkR5xc7UdARHCYJSK

## PowerPoint

Is féidir an PowerPoint a úsáid le plé a spreagadh – tá ceisteanna ar na sleamhnáin agus d'fhéadfaí iad a chur ar na daltaí mar chomhrá neamhoifigiúil, nó le húsáid i gcomhar le Bileog Oibre 2.

## Conclúid, Machnamh agus Urnaí

Deir an Pápa Proinsias, sa litir thréadach Laudato Si', go mbíonn cead ag gach uile phobal acmhainn an domhain a úsáid de réir riachtanais an bheatha, ach go mbíonn dualgas orainn an domhan a chosaint ionas go mbeidh a thorthúlacht ar fáil do na glúine atá le teacht.

A Dhia Ghrámhar,
Cabhraigh linn aire cheart a thabhairt don timpeallacht ionas gur féidir linn cúram a dhéanamh den áit chónaithe coiteann, agus domhan cuí a chaomhnú ar mhaithe leis na glúine atá le teacht.
Deonaigh go bhféadfaimis bealaí cruthaitheacha a aimsiú leis an domhan a chaomhnú.
Deonaigh go mbeimid feasach faoi áilleacht an domhain, agus buíoch as an áilleacht sin.
Deonaigh go mbeimid buíoch as an domhan iontach a chuir tú ar fáil dúinn.
Cabhraigh linn tacú leis na hathruithe dearfacha nádúrtha a tharlóidh ar an saol, agus na hathruithe sin a chur chun cinn sa pharóiste.
Amen.



### Bileog Oibre 1

Leigh an téacs agus freagair na ceisteanna.

Baineann stair fhada le prionsabal an pharóiste, agus bhí ról bunúsach aige i gcónaí i saol na gCríostaithe, agus maidir le hobair thréadach na hEaglaise a chur chun cinn. Bunaíodh córas an pharóiste le freastal a dhéanamh ar an ngá a bhí ann an soiscéal a scaipeadh i measc na ndaoine tríd an gcreideamh a chraobhscaoileadh agus na sacraimintí a cheiliúradh.

Maireann pobal beo an chreidimh faoi láthair, i gcomhthéacs ina mbíonn nasc níos lú ag daoine leis an gceantar áitiúil, cé go mbíonn níos mó deiseanna ag daoine teacht le chéile a dhéanamh. Bíonn an baol ann faoi láthair go ndéanfar maolú ar ghaolta idirphearsanta i réaltacht fhíorúil, gan tiomantas ná freagracht i dtreo na comharsan a bheith ann.

Caithfidh an paróiste a bheith aireach agus eolach faoi nósanna an lae inniu, agus athruithe a chur i bhfeidhm le freastal ar an bpobal creidimh agus ar na hathruithe nádúrtha a tharlaíonn de réir a chéile. Tá géarghá le beocht úr a spreagadh a chabhródh le glaonna chun an tsaoil reiligiúnaigh a chothú, agus leis an nglao a chuirtear ar an bpobal baiste a bheith mar dheisceabail Íosa Críost agus mar lucht scaipthe an tsoiscéil, a athaimsiú.

(Ó 'Cuallacht na Cléire', 'The pastoral conversion of the Parish community in the service of the evangelising mission of the Church', 2020, ar fáil ag: https://press.vatican.va/content/salastampa/en/bollettino/pubblico/2020/07/20/200720a.html)

1. Cad is ainm do phobal do pharóiste? ____________________________________________

2. Cé hé an sagart paróiste atá agaibh? ____________________________________________

3. Conas is féidir le do pharóiste freagairt a thabhairt ar dhúshláin chomhshaoil an lae inniu?

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

4. Cad iad na riachtanais thréadacha, nó ceisteanna an cheartais sóisialta a thabharfadh an paróiste aghaidh orthu?

_______________________________________________________________________________


_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

5. Conas mar a chuirfeadh an domhan digiteach/fíorúil dúshláin roimh an bparóiste, ag brath ar an dúiche ina mbíonn siad lonnaithe?

6. Tá ar chumas an pharóiste a bheith mar phobal beo lucht an chreidimh – abair trí bhealach ina bhféadfaí é a dhéanamh.

7. Conas mar a d'fhéadfaí beocht athnuaite a spreagadh i measc phobal an pharóiste?



## Bileog Oibre 2 – Ceisteanna ón PowerPoint

1. Déantar comhluadar le daoine eile sa pharóiste. Cén fáth gur fiú cruinniú lena chéile?

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

2. Is féidir le pobal an pharóiste an ceartas sóisialta a chur chun cinn. Conas san?

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

3. Is féidir leis an bparóiste freagairt a thabhairt ar riachtanais agus ar cheisteanna an lae inniu. Tabhair samplaí.

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________



4. Bíonn tionchar ag ceisteanna comhshaoil ar phobal an pharóiste. Conas san?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

5. Cruinníonn pobal an pharóiste lena chéile ar ócáidí lúcháireacha agus ar ócáidí brónacha. Tabhair samplaí.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

6. Cén fhreagairt phearsanta a thugann tú ar an amhrán 'What a Wonderful World'?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________



## Bileog Oibre 3 – Amhráin

Éist leis an amhrán a sheinnfidh an t-oide daoibh. Freagair na ceisteanna go coinsiasach.

1. Ainm an amhráin: ________________________________________________

2. Cad iad téamaí an mhuintearais a bpléitear san amhrán seo?

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

3. Cad é teachtaireacht an amhráin, dar leat?

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

4. Cad é do mheas ar an amhrán, agus cad iad na smaointe pearsanta a spreagtar ionat?

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

